Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10016/22**

| | |
|---|---|
| **HYBRID 55** | **JAIEX 67** |
| **DISINFO 52** | **AUDIO 55** |
| **INST 221** | **DIGIT 118** |
| **AG 61** | **INF 95** |
| **PE 62** | **COSI 160** |
| **DATAPROTECT 185** | **CSDP/PSDC 341** |
| **JAI 847** | **COPS 255** |
| **CYBER 207** | **POLMIL 136** |
| **FREMP 122** | **PROCIV 76** |
| **RELEX 758** | **IPCR 64** |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Creat le haghaidh freagairt chomhordaithe ón Aontas ar fheachtais hibrideacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí thuasluaite ón gComhairle mar a d'fhormheas an Chomhairle iad an 21 Meitheamh 2022.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

### maidir le creat le haghaidh freagairt chomhordaithe ón Aontas ar fheachtais hibrideacha

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

1. MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí ábhartha ón gComhairle Eorpach[1] agus ón gComhairle[2], ADMHAÍONN SÍ go bhfuil gníomhaithe stáit agus neamhstáit ag baint níos mó agus níos mó úsáide as oirbhearta hibrideacha, agus gur bagairt atá ag dul i méid é sin ar shlándáil an Aontais, a Bhallstát agus a chomhpháirtithe[3]. AITHNÍONN SÍ, i gcás gníomhaithe áirithe a úsáideann oirbhearta den chineál sin, go mbíonn gníomhaíochtaí ceilte urchóideacha ar bun acu in aimsir na síochána, nuair is féidir leanúint de choinbhleacht nó coinbhleacht a ullmhú ar bhealach nach bhfuil chomh follasach sin. CUIREANN SÍ i dTÁBHACHT go ndéanann gníomhaithe stáit agus gníomhaithe neamhstáit ionramháil ar fhaisnéis agus go n-úsáideann siad oirbhearta eile chun cur isteach ar phróisis dhaonlathacha agus chun saoránaigh a chur amú freisin.
TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur léir ón bhfogha armtha atá á thabhairt aici faoin Úcráin go bhfuil an Rúis ullamh le neart míleata ar an leibhéal is airde a úsáid, gan beann ar chúinsí dlíthiúla nó daonnúla, i dteannta le hoirbhearta hibrideacha, le cibirionsaithe agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, comhéigean eacnamaíoch agus fuinnimh agus reitric núicléach ionsaitheach, agus ADMHAÍONN SÍ na rioscaí gaolmhara a bhaineann leis na héifeachtaí iarmharta ar chomharsanachtaí an Aontais a bhféadfadh dochar a dhéanamh do leasanna an Aontais.

[1] Go háirithe, na conclúidí ón gComhairle Eorpach, Nollaig 2021, Deireadh Fómhair 2021, Meitheamh 2019, Márta 2019, Nollaig 2018, Deireadh Fómhair 2018, Meitheamh 2018, Márta 2018, Meitheamh 2015 agus Márta 2015.
[2] Go háirithe, na conclúidí maidir leis an athléimneacht a neartú agus cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear bréagaisnéis i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 (13626/20), na conclúidí maidir le harrachtaí comhlántacha chun an athléimneacht a fheabhsú agus chun bagairtí hibrideacha a chomhrac (14972/19), na conclúidí maidir le córas meán atá saor agus iolraíoch a chosaint (13260/20), agus na conclúidí maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 9/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *Disinformation affecting the EU: tackled but not tamed* [Bréagaisnéis lena ndéantar difear don Aontas: tugadh fúithi ach ní bhfuarthas smacht uirthi fós] (10968/21).
[3] I gcomhréir leis an gcaibidil faoi Comhpháirtithe sa Chompás Straitéiseach.

2. DEARBHAÍONN SÍ AN ATHUAIR, i bhfianaise na n-athruithe geopholaitiúla atá ag tarlú faoi láthair, go luíonn neart ár nAontais le haontacht, dlúthpháirtíocht agus diongbháilteacht, lena neartaítear neamhspleáchas straitéiseach agus cumas an Aontais oibriú lena chomhpháirtithe chun a luachanna agus a leasanna a chosaint, agus lena gcuirtear an Compás Straitéiseach chun feidhme, lena n-áirítear bagairtí agus feachtais hibrideacha a ghleic. CUIREANN SÍ i dTREIS, ach Aontas níos láidre agus níos cumasaí a bheith ann i réimse na slándála agus na cosanta, go gcuirfear leis an tslándáil dhomhanda agus thrasatlantach, agus go gcomhlánófar ECAT, arb é i gcónaí é, ag na Stáit sin atá ina gcomhaltaí de, bunchloch a gcosanta comhchoitinne.
DEARBHAÍONN SÍ AN ATHUAIR go bhfuil sé ar intinn ag an Aontas a thacaíocht don ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a threisiú, agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár.

3. MEABHRAÍTEAR DI, sa Chompás Straitéiseach, a d'fhormheas an Chomhairle an 21 Márta 2022 agus a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an 24 agus an 25 Márta 2022, go gcuirtear i dtreis gur gá bosca uirlisí hibrideach an Aontais a fhorbairt in 2022 lenar cheart ionstraimí atá ann cheana agus ionstraimí nua féideartha a thabhairt le chéile agus creat a chur ar fáil chun freagairt chomhordaithe a thabhairt ar fheachtais hibrideacha lena ndéantar difear don Aontas agus dá Bhallstáit, ina mbeidh, mar shampla bearta i ndáil le cosc, comhar, cobhsaíocht, sriantacht agus téarnamh agus lena neartófaí an dlúthpháirtíocht agus an cúnamh frithpháirteach, chomh maith leis an ngá atá le bosca uirlisí an Aontais maidir le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (bosca uirlisí FIMI) a fhorbairt in 2022, rud a chuirfidh lenár gcumas an bhagairt a bhrath, anailís a dhéanamh uirthi agus freagairt uirthi, lena n-áirítear trí chostais a forchur ar dhéantóirí coireanna. CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR go ndéanfar feachtais hibrideacha a bhrath agus a chomhrac agus iad sna céimeanna tosaigh trí na beartais agus na hionstraimí uile is gá de chuid an Aontais á n-úsáid. Ar an gcaoi sin, ar mhaithe leis an mbosca uirlisí hibrideach seo de chuid an Aontais a fhorbairt, TUGANN SÍ ISTEACH creat le haghaidh freagairt chomhordaithe ar bhagairtí agus ar fheachtais lena ndéantar difear don Aontas, do na Ballstáit agus dá chomhpháirtithe, agus CUIREANN SÍ i dTREIS gur cheart an Creat sin a úsáid freisin chun aghaidh a thabhairt ar ionramháil agus ar chur isteach eachtrach ar fhaisnéis sa réimse faisnéise (FIMI).

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, cé gur féidir leis na sainmhínithe ar bhagairtí agus ar fheachtais hibrideacha a bheith éagsúil, nach mór dóibh a bheith solúbtha i gcónaí ionas gur féidir na freagairtí cuí a thabhairt ar chineál athraitheach na bagartha. Chun críoch an chreata seo agus chun gur féidir úsáid éifeachtach a bhaint as, ADMHAÍONN SÍ coincheapadh na bagartha hibridí agus fheachtas na mbagairtí hibrideacha - dá dtagraítear 'feachtas hibrideach' anseo feasta - arna chur ar fáil ag an gCoimisiún agus ag an Lárionad Eorpach um Chur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha in *The Landscape of Hybrid Threats: A Conceptual Model* [Timpeallacht na mBagairtí Hibrideacha: Samhail Choincheapúil][4]. CUIREANN SÍ i dTREIS go bhfuil ról lárnach ag an Suirbhé ar an Riosca Hibrideach chun comhthuiscint a chothú agus anailís a dhéanamh ar bhagairtí agus ar fheachtais hibrideacha, chomh maith le leochaileachtaí a shainaithint lena bhféadfaí difear a dhéanamh do struchtúir agus do líonraí náisiúnta agus uile-Eorpacha, in éineacht le comhpháirtithe an Aontais i réigiúin chomharsanacha.

5. CUIREANN SÍ i dTÁBHACHT a thábhachtaí atá freagairt láidir chomhordaithe lena léirítear dlúthpháirtíocht an Aontais i gcás ionsaithe hibrideacha ina ndírítear ar an Aontas agus a Bhallstáit, agus CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart, le bosca uirlisí hibrideacha an Aontais, chomh maith leis an gcreat seo, cabhrú leis na freagairtí ar ionsaithe hibrideacha, mar is iomchuí. CUIREANN SÍ i dTREIS a ábhartha atá na sásraí bainistithe géarchéime atá ag an Aontas, lena n-áirítear socruithe comhtháite na Comhairle maidir le freagairt pholaitiúil ar ghéarchéimeanna (IPCR), chun tacú le gníomhaíocht chomhordaithe mar fhreagairt ar ghéarchéimeanna móra casta.

6. CUIREANN SÍ i dTREIS, ós rud é go bhfuil an t-idirdhealú idir bagairtí inmheánacha agus seachtracha á dhéanamh níos doiléire agus níos doiléire ag na gníomhaithe a úsáideann oirbhearta hibrideacha, ba cheart, san fhreagairt chuimsitheach ar bhagairtí agus ar fheachtais hibidreacha, leas a bhaint as na beartais agus na huirlisí ábhartha inmheánacha agus seachtracha uile de chuid an Aontais, mar a leagtar amach i Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála 2020-2025, agus ba cheart na huirlisí agus na bearta ábhartha sibhialta agus míleata ar fad a áireamh iontu. CUIREANN SÍ i dTÁBHACHT go bhfuil sé níos riachtanaí anois bagairtí agus gníomhaíochtaí hibrideacha a chosc, a bhrath, a mhaolú agus freagairt orthu agus gur cheart don Aontas agus dá Bhallstáit a bheith in ann tionchar feachtais hibridigh a mhaolú agus deireadh a chur leis a luaithe is féidir chun nach mbeidh sé ina fhíorghéarchéim, agus réimse iomlán acmhainneachtaí, uirlisí agus ionstraimí an Aontais agus a Bhallstát á n-úsáid, go háirithe na bearta sin darb aidhm dlús a chur le hacmhainneacht an Aontais agus a Bhallstát athléimneacht a chothú, gan ligean do dhéantóirí coireanna tairbhe a bhaint as feachtais hibrideacha agus costas na bhfeachtas sin a ardú.

[4] Giannopoulos, G., Smith, H., Theocharidou, M., *The Landscape of Hybrid Threats: A Conceptual Model,* [Timpeallacht na mBagairtí Hibrideacha: Samhail Choincheapúil] an Coimisiún Eorpach, Ispra, 2020, PUBSY Uimh. 117280.

CUIREANN SÍ i dTÁBHACHT go bhféadfaí feachtais hibrideacha i dtríú tíortha tionchar a imirt ar shlándáil, ar luachanna agus ar leasanna an Aontais freisin, agus dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go mbeidh an tAontas agus a Bhallstáit in ann freagairt d'iarrataí ar chúnamh ó thíortha comhpháirtithe, más iomchuí, faoin gcreat seo. CUIREANN SÍ i dTREIS go n-imrítear tionchar ar ionsaitheoirí a d'fhéachfadh le hionsaí a dhéanamh trí iarmhairtí dóchúla na freagartha comhordaithe ón Aontas ar fheachtais hibrideacha a chur in iúl go soiléir agus b'fhéidir nach mbainfí spriocanna na bhfeachtas amach - ar an gcaoi sin, neartófar slándáil an Aontais agus a Bhallstát. CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé don Aontas agus dá Bhallstáit seasamh leordhóthanach a fhorbairt i ndáil sin, bunaithe ar an obair a dhéanann comhlachtaí ábhartha de chuid na Comhairle.

7. CUIREANN SÍ i dTREIS, má bhraitear teagmhas amháin nó níos mó a d'fhéadfadh a bheith mar chuid d'fheachtas hibrideach nó má tharraingíonn an Coimisiún nó an tArdionadaí aird na Ballstát orthu, féadfaidh na Ballstáit iarraidh ar an gcomhlacht ábhartha de chuid na Comhairle an tsaincheist a scrúdú. CUIREANN SÍ i dTÁBHACHT gur gá próiseas cinnteoireachta gasta éifeachtúil, ar bhonn cás ar chás, chun freagairtí comhordaithe an Aontais ar fheachtais hibrideacha, lena n-áirítear FIMI, a shainiú agus a fhormheas. CUIREANN SÍ i dTREIS, i gcás mar sin, go gcaithfidh an Chomhairle na tograí arna n-ullmhú go comhpháirteach ag an gCoimisiún agus ag an Ardionadaí a fháil go gasta agus, i gcás inarb ábhartha, go gcaithfidh sí cinntí a dhéanamh go pras maidir lena gcur chun feidhme bunaithe ar an tacaíocht a fhéadfadh an Mheitheal Chothrománach um an Athléimneacht a fheabhsú agus um Bagairtí Hibrideacha a chomhrac tabhairt do Coreper agus, ach iad a bheith ghníomhachtaithe, do na socruithe IPCR. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála plé a dhéanamh ar na bearta arna gcinneadh faoin gcreat seo agus a thagann faoina shainordú.

8. DEARBHAÍONN SÍ AN ATHUAIR gurb iad na Ballstáit go príomha atá freagrach as bagairtí hibrideacha a chomhrac agus CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart na cinntí a dhéantar maidir le freagairt chomhordaithe ón Aontas ar fheachtais hibrideacha a bheith á dtreorú ag na príomhphrionsabail seo a leanas:

- luachanna, próisis agus institiúidí daonlathacha a chosaint, chomh maith le hiomláine agus slándáil an Aontais, a Bhallstát agus a saoránach, agus a leasanna straitéiseacha, lena n-áirítear slándáil na gcomhpháirtithe inár gcomharsanacht agus níos faide i gcéin;
- an dlí idirnáisiúnta a urramú agus cearta agus saoirsí bunúsacha a chosaint, agus tacú leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta;

- foráil a dhéanamh chun go mbainfí cuspóirí an Aontais amach, go háirithe cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála (CBES), mar a leagtar amach iad sa Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), agus na cuspóirí a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), chomh maith leis na nósanna imeachta is gá chun gur féidir iad a bhaint amach;
- a bheith comhréireach le raon feidhme, scála, fad, déine, castacht, críochnúlacht agus tionchar gach feachtais hibridigh faoi leith;
- a bheith bunaithe ar chomhfheasacht staide i measc na mBallstát agus a bheith ag teacht le riachtanais na staide sonraí atá idir lámha;
- an comhthéacs níos leithne a chur san áireamh i dtaca le caidreamh seachtrach an Aontais leis an stát a rachaidh an fhreagairt i bhfeidhm air.

9. IARRANN SÍ ar an Ardionadaí - trí an Acmhainneacht Aonair Anailíse Faisnéise (SIAC), go háirithe Cill Chomhtháthaithe an Aontais Eorpaigh in aghaidh Bagairtí Hibrideacha - leanúint de mheasúnuithe cuimsitheacha a sholáthar maidir leis na bagairtí hibrideacha lena ndéantar difear don Aontas agus do na Ballstáit, bunaithe go príomha ar ionchur ó na Ballstáit, lena n-áirítear tuarascálacha bliantúla i ndáil le hAnailís ar Threochtaí Hibrideacha, agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar na hinstitiúidí ábhartha feabhas a chur ar a rannpháirtíocht agus ar an méid a chuireann siad leis an tuarascálacha sin.

10. MOLANN SÍ don Aontas agus a Bhallstáit tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun sásra faireacháin éifeachtúil a fhorbairt lena gcumhdófar réimsí hibrideacha éagsúla agus an éagsúlacht gníomhaíochtaí hibrideacha a dhéantar i ngach ceann acu, agus leas á bhaint as teicneolaíochtaí nua – lena n-áirítear an intleacht shaorga – agus na líonraí is gá a shlógadh. TUGANN SÍ DÁ hAIRE i ndáil leis sin an togra ón Ardionadaí sásra iomchuí a chruthú chun sonraí maidir le teagmhais FIMI a bhailiú go córasach, arna éascú ag Spás Sonraí tiomnaithe.
CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR ról mhisin agus oibríochtaí CBSC maidir le feabhas a chur ar fheasacht staide an Aontais trí fhaireachán a dhéanamh ar bhagairtí hibrideacha, i gcomhréir lena sainordú.

11. MOLANN SÍ don Aontas agus na Ballstáit comharthaí luatha ábhartha a bhailiú agus a dhíchódú, faisnéis a mhalartú agus na naisc a d'fhéadfadh a bheith eatarthu a mheas de shíor d'fhonn na saintréithe a bhaineann le bagairt a aithint go tapa; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cheart do na Ballstáit agus d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais feabhas a chur ar a rannchuidiú chun comhfheasacht staide a fhorbairt trí fhaisnéis ábhartha a roinnt trí SIAC – mar phointe iontrála aonair le haghaidh rannchuidithe straitéiseacha faisnéise ó sheirbhísí faisnéise agus slándála sibhialtacha agus míleata na mBallstát, tríd an gCóras Mear-Rabhaidh, trí nuashonruithe ábhartha staide a roinnt agus trína measúnuithe náisiúnta a sholáthar mar chuid de ghníomhaíochtaí múscailte feasachta laistigh den mheitheal ábhartha de chuid na Comhairle; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mbeidh ról lárnach ag SIAC, ag Cill Chomhtháthaithe an Aontais Eorpaigh in aghaidh Bagairtí Hibrideacha go háirithe, ag cur leis an bpróiseas cinnteoireachta trí fhadbhreathnaitheacht straitéiseach agus feasacht chuimsitheach staide a sholáthar, go háirithe chun bunús agus saintréithe an fheachtais hibridigh a shainaithint, ar choinníoll go bhfuil na hacmhainní iomchuí acu; agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfaidh institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais, chomh maith le misin agus oibríochtaí CBSC, an obair sin a chomhlánú, de réir mar is iomchuí agus arna iarraidh sin don Chomhairle.

12. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá le feabhas a chur ar leibhéal foriomlán athléimneachta an Aontais i gcoinne bagairtí agus feachtais hibrideacha, bunaithe ar chur chuige uile-shochaí agus uile-rialtais, tríd an Treoir a ghlacadh maidir le bearta chun ardleibhéal coiteann cibearshlándála a bhaint amach ar fud an Aontais (Treoir NIS 2) agus an Treoir maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil (Treoir CER), agus i bhfianaise an Rialacháin atá beartaithe maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla, an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha (DSA), an Ionstraim Fhrithchomhéigin atá beartaithe (ACI), cód cleachtais athbhreithnithe maidir leis an mbréagaisnéis, cur chun feidhme an shásra an Aontais um scagadh ar infheistíocht dhíreach choigríche, agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit, le tacaíocht ón gCoimisiún, an leas is fearr is féidir a bhaint as an sásra comhpháirteach oibríochtúil um an athléimneacht toghcháin. MOLANN SÍ don Choimisiún leas a bhaint as ionstraimí nua, lena n-áirítear an Fhaireachlann um Theicneolaíochtaí Criticiúla, chun spleáchais agus leochaileachtaí a shainaithint a d'fhéadfaí a úsáid i gcreat feachtas hibrideach. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí tograí oibríochtúla a shainaithint faoi dheireadh 2022, mar chuid den fhorbairt ar Bhosca Uirlisí Hibrideacha an Aontais, chun an athléimneacht shochaíoch agus eacnamaíoch i gcoinne bagairtí hibrideacha a stóinsiú, bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar bhonnlínte earnála an Aontais maidir le hathléimneacht hibrideach, ar an Suirbhé ar an Riosca Hibrideach agus ar thuarascáil shuaitheanta an Aontais maidir leis an athléimneacht.

13. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart tosaíocht a thabhairt do bhearta lena ndírítear ar thionchar feachtais a braitheadh a mhaolú agus a fhoirceannadh, chomh maith le leathnú agus géarú an fheachtais a chosc, lucht déanta na coire a dhíspreagadh ó ghníomhaíocht bhreise a dhéanamh agus téarnamh tapa an Bhallstáit nó institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht de chuid an Aontais ar ar díríodh a éascú. Agus an méid sin á dhéanamh aici, MOLANN SÍ don Choimisiún agus don tArdionadaí uirlisí agus ionstraimí uile an Aontais a shlógadh, ar uirlisí agus ionstraimí iad a bhaineann leas as beartais sheachtracha agus inmheánacha, i gcomhréir lena rialacha agus lena rialachas faoi seach.

14. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT, nuair is féidir déantóir feachtais hibridigh a shainaithint le leibhéal ard cinnteachta, go bhféadfaí bearta neamhshiméadracha comhréireacha a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta – lena n-áirítear cineálacha cumarsáide taidhleoireachta, polaitiúla, míleata, eacnamaíocha nó straitéiseacha – chun feachtas hibrideach a chosc nó freagairt air, lena n-áirítear i gcás gníomhaíochtaí mailíseacha nach n-aicmítear mar ghníomhartha neamhdhleathacha idirnáisiúnta agus a mheastar a bheith ina ngníomhartha easchairdiúla; DEARBHAÍONN SÍ go bhfuil na bearta a thagann faoin mbeartas eachtrach, slándála agus cosanta, lena n-áirítear, más gá, bearta sriantacha, oiriúnach don chreat sin agus gur cheart dóibh an cosc a neartú, an comhar a spreagadh, maolú ar bhagairtí láithreacha agus fadtéarmacha a éascú, agus tionchar a imirt san fhadtéarma ar iompar ionsaitheoirí ionchasacha; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí roghanna a fhorbairt le haghaidh bearta dea-shainithe a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcoinne ghníomhaithe FIMI nuair is gá sin chun ord poiblí agus slándáil an Aontais a chosaint; agus MEABHRAÍONN SÍ go bhféadfaidh na Ballstáit sannadh comhordaithe na ngníomhaíochtaí hibrideacha a mholadh, á aithint dóibh gur sainchumas náisiúnta ceannasach é an sannadh.

15. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur féidir bearta coisctheacha, *inter alia*, a bheith i gceist leis na bearta a thagann faoi chuimsiú na mbeartas eachtrach, slándála agus cosanta, lena n-áirítear bearta cothaithe acmhainneachta agus muiníne, freachnaimh agus oiliúint, lena n-áirítear trí mhisin agus oibríochtaí CBSC; bearta comhair, lena n-áirítear idirphlé, comhar, comhordú, dea-chleachtais agus oiliúint a roinnt le tíortha agus eagraíochtaí comhpháirtíochta; bearta cothaithe cobhsaíochta, lena n-áirítear taidhleoireacht phoiblí agus rannpháirtíocht taidhleoireachta leis an ngníomhaí stáit lena mbaineann, nuair is iomchuí agus i gcás inarb iomchuí i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha agus le comhpháirtithe agus tíortha atá ar aon intinn leo; bearta sriantacha (smachtbhannaí), lena n-áirítear bearta i gcoinne iad siúd atá freagrach as an bhfeachtas, de réir fhorálacha ábhartha na gConarthaí; bearta chun tacú le Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, a roghnaíonn a gceart bunúsach féinchosanta aonair nó comhchoiteann a fheidhmiú mar a aithnítear in Airteagal 51 de Chairt na Náisiún Aontaithe agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

TUGANNA SÍ DÁ hAIRE go n-áirítear ar na bearta sin oibleagáidí a eascraíonn as an gConradh ar an Aontas Eorpach, amhail tacaíocht mar fhreagairt ar agairt Airteagal 42(7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena sonraítear, má thugtar fogha armtha faoi Bhallstát ar a chríoch, go mbeidh oibleagáid ar na Ballstáit eile cabhair agus cúnamh a thabhairt dó trí na meáin uile atá ar a gcumas, i gcomhréir le hAirteagal 51 de Chairt na Náisiún Aontaithe. Ní dhéanfaidh sin dochar do cháilíocht shonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe. Beidh na ceangaltais agus an comhar sa réimse sin i gcomhréir leis na gealltanais a thugtar faoi Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh, arb í, i dtaca leis na Stáit is comhaltaí di, is bun i gcónaí dá gcosaint chomhchoiteann agus fóram chur chun feidhme na cosanta sin.

16. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhféadfaidh úsáid fórsa mhíleata a bheith ina dhlúthchuid de oirbhearta hibrideacha roinnt gníomhaithe stáit agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil siad réidh le hoirbhearta hibrideacha a úsáid in éineacht leis an bhfogha armtha nó mar ullmhúchán don fhogha armtha nó mar ionad dó. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá, i gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach, a infheistiú tuilleadh inár gcúnamh frithpháirteach faoi Airteagal 42(7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach chomh maith lenár ndlúthpháirtíocht faoi Airteagal 222 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe trí fhreachnaimh rialta, chun gníomhaíochtaí den chineál sin a chosc, chun ullmhúcháin a dhéanamh ina gcoinne nó chun cur ina gcoinne.

17. CUIREANN SÍ I dTREIS gurb é an sainmhíniú atá ar an sannadh sin an cleachtas a bhaineann le freagracht as gníomhaíocht hibrideach mhailíseach a shannadh do ghníomhaí sonrach; ADMHAÍONN SÍ go bhféadfadh an sannadh rannchuidiú le hathléimneacht níos fearr, tríd an bpobal a ullmhú don bhagairt agus trí oideachas a chur ar an bpobal ina leith, agus go bhféadfadh sé cuidiú le tacaíocht a thabhairt do bhearta breise a d’fhéadfaí a dhéanamh; MEABHRAÍONN SÍ gur cinneadh polaitiúil ceannasach i gcónaí é an sannadh a dhéantar do ghníomhaí stát nó neamhstáit bunaithe ar fhaisnéis uile-fhoinse agus gur de réir an cháis a dhéantar an sannadh; CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR go bhféadfaidh na Ballstáit modhanna agus nósanna imeachta éagsúla a úsáid chun gníomhaíochtaí mailíseacha hibrideacha a shannadh, agus CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil ról lárnach ag SIAC chun tacú leis na Ballstáit i ndáil leis an méid sin.

18. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur minic a cheaptar feachtais hibrideacha ar bhealach chun débhríocht maidir lena dtionscnaimh a chruthú agus chun bac a chur ar phróisis chinnteoireachta. A mhéid a bhaineann leis sin, CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR nach gceanglaíonn gach beart atá mar chuid de fhreagairt chomhordaithe an Aontais ar fheachtais hibrideacha go ndéanfaí freagracht a shannadh do ghníomhaí stáit nó neamhstáit agus gur féidir bearta faoi chuimsiú an Chreata a chur in oiriúint don mhéid cinnteachta is féidir a bhunú in aon chás ar leith; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhféadfaí gníomhaíochtaí neamhshiméadracha atá dea-chalabraithe ag freagairt ar fheachtas hibrideach in aghaidh an Aontais, a Bhallstát nó a chomhpháirtithe, a bheartú, i gcomhréir leis an gCreat seo agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, ar bhonn cás ar chás, nuair nach féidir sannadh comhordaithe a dhéanamh nó nuair nach ar leas an Aontais nó a Bhallstáit a bheadh sannadh poiblí.

19. ADMHAÍONN SÍ gur minic gur príomhghné d'fheachtais hibrideacha iad cibirghníomhaíochtaí mailíseacha agus gur céim thábhachtach é forbairt leanúnach a dhéanamh ar chibirsheasamh an Aontais mar chéim thábhachtach i dtreo cibirghníomhaíochtaí mailíseacha a chosc, a dhímhisniú, a dhíspreagadh agus a fhreagairt, lena n-áirítear cibirghníomhaíochtaí mailíseacha ar cuid iad d'fheachtas hibrideach. CUIREANN SÍ I dTREIS go dtéann Bosca Uirlisí Cibearthaidhleoireachta an Aontais i ngleic le bagairtí cibearshlándála agus go bhféadfadh sé cur le freagairt an Aontais ar fheachtas hibrideach, i gcomhréir lena rialacha agus lena nósanna imeachta féin; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá do chomhlachtaí ábhartha de chuid na Comhairle, don Ardionadaí agus don Choimisiún comhar agus sineirgí a spreagadh i gcur chun feidhme na mbeart agus na ngníomhaíochtaí a chinnfear faoin gCreat seo, go háirithe tríd an mBosca Uirlisí Hibrideacha agus trí Bhosca Uirlisí FIMI, chomh maith leis na cinn sin laistigh de Bhosca Uirlisí Cibearthaidhleoireachta an Aontais Eorpaigh, nuair is iomchuí agus i gcás inarb iomchuí.

20. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an gá atá le comhar agus le freagairtí comhordaithe, i gcás inarb iomchuí, le comhpháirtithe atá ar aon intinn agus an Creat seo á chur chun feidhme. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé tuilleadh comhair a dhéanamh le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha, amhail ECAT, agus le comhpháirtithe agus le tíortha atá ar aon intinn leo, lena n-áirítear sna Náisiúin Aontaithe agus sa G7, chomh maith leis an tsochaí shibhialta agus leis an earnáil phríobháideach chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha agus, i bhfianaise ról ceannasach a shainiú don Aontas san fhorbairt norm idirnáisiúnta, chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear FIMI.

CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go háirithe gur gá atá sineirgí a fhorbairt agus féachaint ar bhealaí breise don chomhar frith-hibrideach le ECAT, *inter alia* trí chur leis na Freachnaimh Chomhthreomhara agus Chomhordaithe a d'eagraigh an tAontas agus ECAT chun ullmhú le dul i ngleic le hionsaithe casta hibrideacha, agus treochtaí geopholaitiúla agus teicneolaíocha atá ar siúl faoi láthair á gcur san áireamh, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na trédhearcachta, na cómhalartachta agus na cuimsitheachta, chomh maith le neamhspleáchas cinnteoireachta agus nósanna imeachta an dá eagraíocht.

21. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a riachtanaí atá sé tuilleadh forbartha a dhéanamh in 2022 ar Bhosca Uirlisí Hibrideacha an Aontais agus ar Bhosca Uirlisí FIMI, i gcomhréir leis an treoir a thug an Compás Straitéiseach. IARRANN SÍ ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún leanúint de bhearta a shainaithint a bheidh le cur chun feidhme faoi chuimsiú an Chreata seo, bunaithe ar nuashonrú rialta ar an mapáil atá ann cheana[5] agus, roimh dheireadh 2022, tograí a thíolacadh maidir le Foirne Mearfhreagartha Hibrideacha de chuid an Aontais a chruthú, chun go ndéanfaidh an Chomhairle iad a fhormheas. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí an t-athbhreithniú ar phrótacal oibríochtúil an Aontais chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha ('EU Playbook') a thabhairt i gcrích agus leagan athbhreithnithe de a chur i láthair faoi dheireadh 2022. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí éifeacht iomlán a thabhairt d'fhorbairt an Chreata, treoirlínte cur chun feidhme a chur i bhfeidhm agus a nósanna imeachta a thástáil le freachnaimh atá ann cheana agus le freachnaimh nua, lena n-áirítear cleachtaí lena ndéantar Airteagal 222 CFAE agus/nó Airteagal 42(7) CAE a ghníomhachtú. DÉANFAIDH an Chomhairle A MEAS ar chur chun feidhme na gconclúidí seo roimh dheireadh 2023 agus, más gá, déanfaidh sí athbhreithniú ar an gCreat d'fhonn aghaidh a thabhairt ar thimpeallacht na bagartha atá ag teacht chun cinn.

---

[5] *JOINT STAFF WORKING DOCUMENT Mapping of measures related to enhancing resilience and countering hybrid threats* [Doiciméad INMHEÁNEACH OIBRE COMHPHÁIRTEACH Mapáil na mbeart a bhaineann le feabhas a chur ar athléimneacht agus le bagairtí hibrideacha a chomhrac], SWD(2020) 152 final